

CAIB V. GLIOMAIGH AGUS AN GCINEÁLACHA.

PLÁTA XXVII AN GLIOMACH

Is maith leis na gliomaigh an cluiche agus is maith leis an gcluiche gliomach an fhairrge dhomhain. Sé an nós a ghníos siad fanacht sgathamh ón gcladach, agus ní fheicfeá ceann aca uair ins na seacht mbliana i lochán cladaigh. Gheobhthá sean-cheann nó gliomach cladaigh ina aice ins na carraigreacha nuair a bheadh trágadh mhór ann, agus bheadh deis agat a dhul síos go híochtar láin. Má fheiceann tú san aice é níl le déanamh agad ach mála canbháis nó fiú do chaipín a shíneadh isteach chuige go bhfágadh tú greim air, agus tarraingt chugat annsin. Ní sgaoilfidh sé greim agus féadfaidh tú a thabhairt amach glan as an aice, ach ní mór duit a bheith aireach mar is rud madramhail gliomach má theangmhuigheann do láimh leis. Tugann sé an aice air féin in aimsir sgoithte na blaoisge agus caithfidh sé fanacht i bhfolach mar fhanas an portán go mbídh blaosg nua fásta ar a chonablach. Na halpóirí móra éisg, an freangach agus an fíogach, agus na craosairí d'íosfaidís go milis é dá bhfághaidís é d'uireasbha a éide cogaidh.

Is iondual go ndéanann go leor gliomach comhnaidhe ar an stupóg éisg. Tá an stupóg éisg i gcomhnaidhe faoi uisge le tuile is le trágadh. Dá dtagadh na gliomaigh den stupóg isteach ar an salachar in aice an chladaigh cafaidhe námha eile leis, námha an-bheag, an feannadóir. Faocha bheag seadh an feannadóir agus thollfadh sé blaosg an ghliomaigh ach greim a fhághail ar a dhruim. Bíonn na céadta feannadóir i n-éinfheacht uaireanta ar an gcladach feamainne agus ba dheacair do ghliomach fánach éalódh uatha dá dtigeadh sé ar seachrán isteach, agus tig ceann isteach in aice an chladaigh sgaithte.

"Is fánach an áit a bhfuighfeá gliomach." Is minic "sginéire" ar an bhfaochain seo ná "feannadóir" ach sí an chiall chéadna atá leis an dá fhocal.

Tá an gliomach beagnach dubh go mbruithtear é. Tár éis a bhruithte tá sé dearg. Tá ordóga millteach mór air nó crúba agus is mó ceann ná an ceann eile. Tá blaosg na hordóige chomh crua le cloich. Is leis an ordóg mhóir a bhuaileann sé buille agus is leis an gceann beag a chuireann se greim sa bhfeamainn le na choinneál seasta. Is bata troda an ordóg mhór; is ancaire gliomaigh an ordóg bheag.

Iasg an-láidir luath seadh an gliomach. Tá sé i ndon dul dhá shlat déag san uisge le aon bhuille amháin dá earball agus tá sé chomh lúthmhar sa tsnámh gur beag iasg fairrge atá i ndon teacht suas leis. Gléas iongantach seadh an t-earball tá déanta de chláiríní de mhianach na blaoisge. Tá na cláiríní sáiththe os cionn a chéile agus tig leis an t-earball a leathnú mar dhéanfá le gaothrán.

Tá ciumhais fionnaidh ar cheann na gcláiríní. Nuair is mian leis an ngliomach snámh síneann sé siar díreach an t-earball. Annsin crapann sé chuige isteach é go tréan agus cuireann an buille i ndiaidh a chúil i bhfad é. Is i ndiaidh a chúil a shnámhann an gliomach nuair a bhíonn deifir air. Tig leis snámh ar aghaidh freisin ach is go dona é. Tá céaslaí beaga anuas de ladhracha an earbaill ar gach aon taobh. Tá dhá chláirín is gach ceann aca agus ribí fada ag fás asta. Nuair a oibrigheann an gliomach iad seo san uisge cuireann an t-oibriú chun cinn é sa tsnámh.

Is ar an céaslaí beaga seo a bhfuil na ribí fada seo ortha a ghreamuigheann an gliomach baineann na heochraigh nuair a sgéitheann sí. Fanann na heochraigh tamall ar na ribeacha agus agus is minic le feiceál iad nuair a tógtár an gliomaigh as an bpota. Tá siad milis agus itheann iasgairí iad gan iad a bhrúth chor ar bith. Sé an nós céadna a ghníos an ribe róibéis leis na heochraigh. Bíonn gach eochrach greamuighthe do ribe den chéasla sa ngliomach agus sa ribe róibéis.

PLÁTA XXVIII MION-GHLIOMACH

Is fíor nach bhfuil tuile nach dtráigheann, agus níl trághadh nach bhfágann cuid den tsáile ina dhiaidh i logánaigh an chladaigh, agus cuid mhór de mhion-iasgaibh na fairrge ins na lochánaibh a fágтар ins na logánaibh. Coinnigheann an sáile beo iad go dtuileann an taoille aríst. Bíonn faill againn siubhal amach thar an snáth mara agus na locháin a chuartú san díothrághadh. Nuair a bheas fonn ort lochán sáile ar uachtar na trágha a chuartú is fearr duit suighe fút le n'ais agus fanacht socair tamall dá fhaire.

Bíonn na na hiasgáin san airdeall san airdeall i gcomhnaidhe mar gheall ar na halpairí agus má fheiceann siad cor asat gabhfaidh siad i bhfolach fán bhfeamainn nó i sgailpín sa gcarraig. Má fhanann tú socair agus do shúil a choinneál ar an uisge is gearr go mbeidh na hiasgáin le feiceál agat. Ní hé an mion-ghliomach is túsige a fheicfeas tú cé go mbeidh sé ag snámh thart chomh maith leis an gcuid eile. Is rud solusta é cosmhail leis an uisge féin, beagán agus is deacair a thabairt faoi deara go mbíonn cleachtadh agad bheith faire an uisge. Nuair a bhéas radharc maith agad air sáthfaidh tú do bhrádóg síos san lochán go réidh agus fágfaidh tú ar an ngaineamh í go snámhfaidh an mion-ghliomach os a cionn. Ardóchaidh tú an bhrádóg go mear annsin, agus más iasgaire glic thú tá sé agat. Ní hé an t-iasgán dearg a chionn tú ins na siopaí éisg a bhéas agad mar ní eirigheann sé dearg go mbruithtear é. Is ar éigean a bhíos dath ar bith ar an gceann beo a dtiubharfá dath air, mar is beag nach dteigheann an solus tríd, tá an phlaosg chomh tanaidhe air. Dá gcuirtheá cupla ceann aca i dtaisgeán uisge shílfeá gur splancanna teineadh a bheadh ag sgéith ar fud an uisge iad leis an bhfuadar a bhí fútha agus leis an solus a bhíos asta.

Níl iasgán is foghainnte ná an mionghliomach. Sé an nós a ghníos sé a bheith ag ithe corpán na bhfeithidí a cailltear sa bhfairrge sul má lobhann siad. Muna mbeadh go n-ithtear na corpáin bheadh an sáile bréan nimhneach leo. Déarfá gur rud salach a d'íosfadh brocamas den tsórt sin, ach coinnigheann an mion-ghliomach é féin glan, sgiúrtha. Tá an cosa tosaigh lán de ribí agus iad ina gcirt-sheasamh amach as na cosa mar bheadh guaireacha sguaipe. Sgiúrann agus cuimligheann sé a chonabhlach leis na sguaba seo go nglanann sé féin chomh

glan le sgilling. Má bhíonn smuta beag ar bith nach mbogann na cosa tosaigh de tá teannchar aige ar na cosa láir le n-a mbaineann sé amach an ball dóráin.

Tá an mion-ghliomach agus an séacla ag dul chomh mór sin i gcosmhalacht le chéile gur deacair ceann aca a aithneachtáil thar an gceann eile. Tá gob beag ar gach aon cheann aca. Tá fiacra beaga géara ar ghob an mhin-ghliomaigh. Níl fiacra ar bith ar ghob an tséacla ach é mín cineálta.

PLÁTA XXVIII RIBE RÓIBÉIS BEAG

Is gleoite go mór an feithide an ribe róibéis ná an mion-ghliomach, agus is ceann de na mion-ghliomaigh é féin. Tá plaosg agus conablaigh solusta aige agus an phlaosg féin faoi stríocaí dearga. Tá na brathadóirí caola fá fháinní dearga agus ach a r tomhaiste eatortha. Is minic “Aésop” air mar leas-ainm mar gheall ar a chruit – bhí cruit ar Aesop an sgéalaidhe Gréagach.

Is sa samhradh a bhíos an ribe róibéis le fágáil sna lochánaibh cladaigh. Tugann sé an domhain air féin sa ngeimhreadh agus ní bhíonn radharc le fágáil air ar chladach ná ar thráigh.

PLÁTA XXVIII AN SÉACLA

Tá min-ghliomach eile ar a dtugtar ribe róibéis go minic. Sé an séacla é agus tugtar séacla air mar is rud taidhbhseamhail é gan toirt. Tá sé chomh solusta mear sin san uisce go bhfuil sé deacair súil a leagan air, agus nuair nach mbíonn sé ar snámh bíonn sé i bhfolach fán ngaineamh agus a cheann ag gobadh aníos as. Tá sé i ndon an gaineamh a tholladh agus culadh siar sa bpoll agus an gaineamh a bhailiú anuas air lena chuid brathadóirí. An meid é a bhíos aníos bíonn sé ar aon dath leis an ngaineamh agus sí an tsúil ghrinn a bhéarfadh faoi deara é. Is faisinge go mór na séaclaí ná an min-ghliomach.

PLÁTA XXIX AN DREANCAID MHARA

Tá na dreancaidí mara chomh fairsing sin go bhfuil mórán de na héanacha trágha ag teacht suas ortha. Bíonn cuimse aca sa ngaineamh réidhte. Bíonn siad in a gcéadta faoin sop feamainne ar an ngaineamh agus uaireanta chíféa ina gceol iad ag eirge den tráigh roimh an taoille tuile. Ná héanacha trágha ar a dtugtar cuartóirí cloch bíonn mio-chlocha na trágha dá chartadh aca nuair a bhíos siad ag tóraidheacht na ndreancaidí, agus ní fágfar ag an cuartóirí cloch iad mar ritheann na feadóga cladaigh, iad agus na ladhairíní geala.

Tig dúil san iasg ag na héanacha tíre go minic sa bhfoghar agus tig druideacha ina sealta móra anuas ar an snáth mara agus cartuigheann siad an fheamainn go bhfágann siad béile dreancaidí mara. Tá alpairí dá gcineál féin, na portáin chladaigh, a itheann neart aca, agus tá daol bheag cladaigh a thóruigheann ins an gcoinéagar sa ngaineamh iad ar nós an fhiréid i ndiaidh an choinín.

Tig go leor aca slán, amhthach, agus is mór an sgéal go dtig, mar siad a itheann go leor den fheamainn a bhíos a’ lobhadh ar an tráigh ins an snáth mara. Tá a gcion féin dá dhéanamh aca mar sguabadóirí. Tá fiacra geara aca agus giall a bhfuil fuinneamh ann chun stracadh agus gearradh.

Is iongantach an léim a thugas an dreancaid mhara. Má chorrúigheann tú slám feamainne sa snáth mara chífidh tú na céadta aca ag eirghe agus léim fiche uair a airde féin dá chaitheamh ag gach ceann aca. Crapann siad ag conabhlach ina chéile agus baineann siad searradh obann de phreab asta féin sa gcaoi go gcuireann an preab suas de léim iad.

PLÁTA XXIX AN TÓNACHÁIN TRÁGHA

Níl aon trágha ghainimh gan coinigéar tollta fúithe. Siad na tónacháin trágha a thollas an coinigéar. Tá an tolladh déanta go díreach faoi uachtar an ghainimh, agus tuiteann an gaineamh i ndiaidh an tónacháin agus fágann sé log nó lorg beag caol mar dhéanfadh péist ag snámhghail ar an bpuitigh nó sa láib. Feithidí beaga ar aon déanamh leis na dreancaidí seadh na tónacháin. Is mó beagán iad ná na dreancaidí ach níl siad leath chomh beo iad. Sé an bealach a ndéanann siad an tolladh faoin ngaineamh. Luigheann siad ar a leataobh agus bíonn siad dá gcasadh féin agus dá n-únfairt féin go ngearann siad an poll rompa fá uachtar na trágha, mar dhéanfaidhe le scrín fada caol.

PLÁTA XXX SLIOGÁIN GRIUDHÁIN

Bíonn gaineamh glan sliogánach le fágghail uaireannta ar na tráigheanna. Ní bhíonn ach minshliogáin chomh beag agus go bhfeillfeadh fiche sliogán i méaracán mná. Griudháin a tugtar ar an ngaineamh sin (de smidiríní sliogán de chuile shórt an gaineamh), agus sliogáin griudháin ar na mion-shliogánaibh a bhíos greamuighthe don charraig, mar is mó is cosmhail iad le smidiríní ná le sliogáin slána.

Furasta sliogán griudháin a aithneachtáil. Sé an déanamh céadna atá air agus ar shliogán na bairnighe ach gur rud beag bídeach é agus níl aon cheann beag aca gan poll beag ar bharr na cruiceoige. Sé an nós céadna a ghníos an bairneach a ghníos an feithide a bhíos sa ngriudhán, greamuigheann an sliogán béal faoi don charraig, agus fanann sé greamuighthe lena bheo.

Tá na milliúin sliogán griudháin le feiceál ar na carraigreacha leath-bháidhthe ar an gcladach agus shílfeá ar dtús nach mbíonn ionnta ach baill bheaga bhreaca ar thaobh na carraige. Má chuimligheann tú do láimh díobh aireochaidh tú an-gharbh géar iad agus tugtar garbhán carraige nó carbhán carraige ar an sliogán in áiteacha cois fairrge.

An díthreabhach beag a chomhnuigheann sa sliogán griudháin is iasg beag ribeach é cosmhail leis na séaclaí beaga ach ní hé an saoghal céadna a chaitheann sé agus a chaitheann siad-san. Tá saoirse na fairrge aca-san agus a réim ach fanann seisean faoi na sliogáin atá gramuighthe don charraig. Ar an mbealach sin is cosmhail é leis an mbáirneach, ach tá difrígheacht mhór idir iad féin agus na báirneacha ina n-óige. Tig an báirneach as an eochraigh ina bháirnigh. Tig an t-iasgán eile ar an saoghal ina spig sáile gan aon chosmhalacht aige le iasgán an tsliogáin griudháin, agus is iomdha athrú a thig air sul má bhíonn a chrot ceart féin air.

An chéad uair a thagann na spigeanna seo ar an saoghal bíonn snámh maith aca. Siad na cosa beaga atá aca, trí cinn ar gach taobh, a chuireas chun cinn sa tsnámh iad. Tá cineál clumhaigh ar an cosa a dhéanann na cosa beaga reamhar san uisce. Ta súil chruinn dhubh ar an druim aca a thugann radharc dóibh. Sgoitheann siad craiceann dóibh gach trí lá agus

bíonn craiceann nua fásta orrtha fán sean-chraiceann agus tig athrú ar a gcrot le gach craiceann nua. Tig a gcrot ceart féin ortha i ndeireadh na dála agus chomh luath is a thig greamuigheann siad do charraig sa sáile leis na brathadóirí beaga. Sgéitheann táthán bog amach asta, agus cruadhann an táthán ina dtimcheall go mbíonn sliogán beag bídeach cruaidh mar sgiath cosanta ar gach ceann aca agus iad féin ina gcimeacha istigh ins na sliogánaibh. Nuair a bhíos an sliogán táithte agus greim daingean aige ar an gcarraig sgoitheann an t-iasgán an sean-chraiceann istigh ins an sliogán agus imthigheann an tsúil chruinn dhubh i néinfheacht leis an gcraiceann. Uaidh sin amach ní bhíonn súil ná radharc aige aríst.

An uair a bhíos na sliogáin griudháin fá uisge sin é an uair a ghníos siad iasgach. Tá poll ar bharr an tsliogáin agus cuireann siad amach eangach tríd an bpoll le beathadh a bhailiú dóibh féin. Bloghanna beaga feamainne agus éisg lobhtha is beath don díthreabhach sa sliogán. Ní fíor-eangach atá aige. Is amhlaidh a chuireann sé amach na ribí caola gruaige gruagacha is brathadóirí aige agus shílfeá le breathnú ortha gur eanach bheag iad. Greamuigheann na bloghanna lobhtha feamainne is éisg dóibh, agus nuair a tharraingeann se isteach iad bailigheann sé chuige a mbíonn ortha.

Is iomdha áit a gcuireann na sliogáin griudháin greim. Chífidh tú na mílte aca ar na carraigreacha fá uachtar láin nuair a bhíos taoille tráighte. Chífidh tú iad ar na salltracha saighte ins na duganna agus fá na céibheanna adhmuid. Is minic an tsail mhór foluighthe fútha. Chífidh tú cuid aca ar chúla sliogán bairneach agus oistreach, agus is maith leo greamú don phortán féin.

PLÁTA XXX GIÚIRLINNEACHA LOINGE

Greamuigheann na sliogáin griudháin don charraig agus greamuigheann na giúirlinneacha dong loing nó don tsail sa bhfairrge. Tá an dá chineál ag dul i gcosmhalacht le chéile sa mbealach sin. Greamuigheann cuimse de na giúirlinneacha ar íochtar luinge fán uisge agus má bhíonn clúdach mór aca bailighthe ar luing nó ar bhád ní leigeann siad di gluaiseacht go sleamhain tríd an uisge mar shleamhnódh soitheach a mbeadh bealadh uirthé. Moilleann siad long chomh mór sin go gcaithfear í a thabhairt sa dug lena glanadh go minic. “Is fíor sin go deimhin” ars an t-iasgaire cladaigh. Nuair a bhíos bád nua dá chur ar an gcuan aige ní bhíonn sé sásta go gcuiridh sé bealadh ar a híochtar sa gcaoi nach mbaileocha sí giúirlinneacha ná salachar.

An tsail a thig i dtír ón bhfairrge mhóir agus a bhfuil seal caithte sa sáile aice bíonn clúdach giúirlinneacha uirthé agus má bhíonn sí tamall fada sa bhfairrge beidh polla péiste innte chomh maith. Ní hiad na giúirlinneacha a thollas an t-adhmad ach an péist – sé an chaoi a ngreamuigheann an ghiúirlinn í féin don adhmud. Tógann sí maide beag tátháin ar an tsail nó ar an luing. Cruadhann an táthán ar an adhmud agus timcheall ar na brathadóirí a bhíos ar an bhfeithide sul a bhfásann sé in a shlige. Fásann an sligeán ar an bpéist ar bharr an mhaide big agus fanann greamuighthe dhó. Is sligeán éadtrom tanaidhe atá ar an ngiúirlinn luinge.

Is iomdha cineál de na giúirlinneacha ann. Tá cineál aca a mhaireas ar dhruim na míol mór a thollas an craiceann go domhain.